**Déardaoin 30. Márta 2023**

P9_TA(2023)0091

# Cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (COM(2021)0093 – C9-0089/2021 – 2021/0050(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 341/06)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0093),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0089/2021),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Nollaig 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0056/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2021)0050

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2023/970.)*

---

([1]) IO C 341, 24.8.2021, lch. 84.

**Déardaoin 30. Márta 2023**

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas ón gCoimisiún

Tugann an Coimisiún dá aire an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí maidir le tréimhse trasuímh trí bliana le haghaidh theacht i bhfeidhm na rialacha nua maidir le trédhearcacht pá. Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl nár cheart breathnú ar an diall sin ón tréimhse trasuímh chaighdeánach dhá bhliain mar fhasach. Níl sé d'aidhm aige ach a áirithiú go mbeidh struchtúir phá neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm ag fostóirí ionas go n-áiritheofar na rialacha nua a chur i bhfeidhm ina n-iomláine ar am an trasuímh.